



PREASEISIÚINT Uimh. 202/23

Lucsamburg, 21 Nollaig 2023

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnas i gCás C-124/21 P | International Skating Union v an Coimisiún

Sáraítear dlí an Aontais le rialacha International Skating Union maidir le húdarú roimh ré do chomórtais luas-scátáil oighir

Is é an cuspóir atá leo ná iomaíocht a shrianadh chun aimhleasa, go háirithe, lúthchleasaithe, tomhaltóirí agus breathnóirí teilifíse.

Ag leanúint i gcéimeanna an Choimisiúin Eorpaigh agus na Cúirte Ginearálta, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil rialacha International Skating Union (ISU), lena gcuirtear ar a chumas comórtais luas-scátáil oighir idirnáisiúnta a fhorghnó a chur isteach agus pionóis thromchúiseacha a ghearradh ar lúthchleasaithe atá rannpháirteach i gcomórtais neamhúdaraíthe, neamhdhleathach toisc nach bhfuil siad á rialú ag ráthaíocht ar bith lena n-áiríthe go bhfuil de chineál trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach. Tugtar buntáiste soiléir leo don ISU thar a chuid iomaitheoirí agus bíonn drochthionchar acu ar lúthchleasaithe, tomhaltóirí agus breathnóirí teilifíse araon.

Is é ISU an t-aon chomhlachas spóirt idirnáisiúnta atá aitheanta ag Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha (CICO) i réimse na scátála oighir. Déanann sé an spórt a rialáil, a bhainistiú agus a chur chun cinn ar fud an domhain. Ag an am céanna, déanann sé gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú arb é atá ann comórtais idirnáisiúnta a eagrú agus leas a bhaint as na cearta a bhaineann leo.

Faoi rialacha ISU, tá eagrú comórtas idirnáisiúnta faoi réir údarú roimh ré. Ina theannta sin, tá baol ann go n-eisiafar ó gach comórtas ar feadh tréimhse socraithe nó ar feadh a saoil do lúthchleasaithe atá rannpháirteach i gcomórtas nach bhfuil údaraíthe ag ISU. Ar deireadh, ní féidir diúltú údaraíthe nó pionóis a chonspóid ach amháin os comhair na Cúirte Eadrána Spóirt (CES) in Lausanne (an Eilvéis).

In 2017, rialaigh an Coimisiún Eorpach go sáraítear dlí an Aontais leis na rialacha maidir le húdarú comórtais agus rannpháirtíocht lúthchleasaithe ^{1 2}. Cuirtear ar chumas ISU leo eagrú comórtais iomaíocha a chosc agus scátálaithe gairmiúla a chosc ó bheith rannpháirteach iontu. Ina theannta sin, dar leis an gCoimisiún, ní bhíonn rochtain éifeachtach ar na cúirteanna ag na scátálaithe gairmiúla mar gheall ar na rialacha eadrána.

In 2020, dhiúltaigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ³ don achomharc a rinne ISU i gcoinne chinneadh an Choimisiúin maidir leis na rialacha údaraíthe agus rannpháirtíochta, rud a dhearbhaigh go bhfuil siad de chineál neamhdhleathach. Ar an taobh eile, mheas sé go raibh an Coimisiún mícheart na rialacha eadrána a cháineadh.

Ina breithiúnas an lae inniu, dhiúltaigh **an Chúirt Bhreithiúnais** don achomharc arna thabhairt ag ISU i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta agus **dhearbhaigh sí** freisin **neamhdhleathacht rialacha ISU**. Ar an taobh eile, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, murab ionann agus an Chúirt Ghinearálta, go raibh an ceart ag an gCoimisiún na rialacha eadrána a cháineadh.

Ar an gcéad dul síos, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais in iúl gur léir gur gníomhaíocht eacnamaíoch é eagrú comórtais spóirt. Ní mór don ghníomhaíocht sin, dá bhrí sin, rialacha iomaíochta a chomhlíonadh, fiú má tá

sainghnéithe áirithe ag baint le feidhmiú eacnamaíoch an spóirt, amhail comhlachais a bheith ann le cumhachtaí rialúcháin, maoirseachta agus pionóis.

Ina dhiaidh sin, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais in iúl go bhféadfaidh comhlachas spóirt amhail ISU rialacha a bhaineann le heagrú agus le reáchtáil comórtas a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú, trí phionóis. Mar sin féin, **ní mór na rialacha sin a bheith faoi réir creata lena n-áirithítear go bhfuil siad de chineál trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.**

In éagmais creata den sórt sin, is dócha go bhfuil na rialacha sin de chineál lena bhféadfaí aon chuideachta iomaíoch a eisiamh ón margadh agus teorainn a chur le bunú comórtas nua. Ina theannta sin, is dócha go bhfuil siad de chineál lena gcuirfí cosc ar lúthchleasaithe a bheith rannpháirteach sna comórtais sin. Ar deireadh, is dócha go bhfuil siad de chineál lena mbainfí aon deis do lucht féachana agus breathnóirí teilifíse freastal ar chomórtais den sórt sin.

NÓTA: Féadfar achomharc, atá teoranta do phointí dlí, a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú na Cúirte Ginearálta. I bprionsabal, níl aon éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá sé inghlactha agus má tá bunús maith leis, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh na Cúirte Ginearálta ar neamhní. Más rud é gur féidir rialú a dhéanamh sa chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin cinneadh deiridh a dhéanamh ar an díospóid. Mura ndéanfar amhlaidh, déanfaidh sí an chás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal ag cinneadh na Cúirte Breithiúnais ar an achomharc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb iomchuí, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna de chraoladh an bhreithiúnais ar fáil ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Féach preaseisiúint ón gCoimisiún [IP/17/5184](#).

² Dearbhaítear le hAirteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go dtoirmisctear na cleachtais seo a leanas mar chleachtais nach luíonn leis an margadh inmheánach: gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar an trádáil idir Ballstáit agus arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

³ Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 16 Nollaig 2020, *International Skating Union v an Coimisiún*, [T-93/18](#) (féach freisin [PE Uimh. 159/20](#)).